

Ceapacháin chuig an bPainéal Saineolaithe le haghaidh Cáilíochtaí Gairmiúla Idirnáisiúnta do Chonraitheoirí Leictreachais a Aithint

Láthair

Táthar ag súil go mbeidh cruinnithe ar siúl gach 3 mhí trí MS Teams nó ag oifigí an Choimisiúin um Rialáil Fónas (CRUanna) i dTamhlacht, Baile Átha Cliath 24.

Is faoi rogha an CRU a dhéanfar an cinneadh cibé an mbíonn cruinnithe ar siúl go fíorúil nó go pearsanta.

Luach Saothair

- €100 in aghaidh an iarratais a phróiseáiltear. Meastar go ndéanfar idir 10 n-iarratas agus 15 iarratas in aghaidh na míosa.
- €600 sa lá le haghaidh cruinnithe móide speansais réasúnacha ag Rátaí Státseirbhíse. Meastar go dtiocfaidh an Painéal le chéile lá amháin ar a laghad in aghaidh na míosa in oifigí CRU.

Riachtanais Ama

Leath lá gach 3 mhí chun cinntí a chomhaontú ina dtarlaíonn cruinnithe beagnach nó lá iomlán amháin in aghaidh gach 3 mhí ag oifigí an CRU ina mbíonn cruinnithe ar siúl go pearsanta.

Cúlra

Is é CRU an tÚdarás Inniúil do shuiteálaithe gáis in Éirinn. Comhlíonann CRU an fheidhm sin tríd an scéim rialála reachtúil Suiteálaithe Gáis Cláraithe. Leagtar amach sa Doiciméad Critéar Gáis¹ conas a oibríonn an scéim Suiteálaithe Gáis Cláraithe. Is mar seo a leanas atá na riachtanais cháilíochta reatha do dhaoine ar mhaith leo a bheith ina Suiteálaí Gáis Cláraithe:

- a. Ard-Deimhniú Ceardaíochta i bhFeistiú Gáis, i gCúrsaí Leictreachais, i bPluiméireacht nó i gCuisniú - Leibhéal 6 (an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí).
agus
- b. Dámhachtain i Sábháilteacht Gáis Teaghlaigh nó a comhionann.

Le Treoir 2005/36/CE maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla a Aithint² (“an Treoir”), cuirtear oibleagáid ar CRU córas aitheantais a chur i bhfeidhm do dhaoine incháilithe ó Bhallstáit LEE a bhfuil cáilíochtaí neamh-Éireannacha iomchuí acu agus atá ag déanamh iarratas ar chlárú leis an scéim Suiteálaithe Gáis Cláraithe.

I mí Lúnasa 2019, d’fhoilsigh CRU páipéar cinnidh³ ar na próisis um cháilíochtaí gairmiúla a aithint. Leagadh amach sa pháipéar cinnidh go mbunódh CRU painéal a bheadh comhdhéanta de shaineolaithe ábhair chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhaoine a bhfuil na cáilíochtaí gairmiúla neamh-Éireannacha iomchuí acu.

¹ Bíonn an Doiciméad Critéar Gáis faoi réir leasú ó am go chéile. D’fhoilsigh CRU [Leagan 1.6 den Doiciméad Critéar Maoirseachta um Shábháilteacht Gáis](#) an 26 Iúil 2016.

² [Treoir 2005/36/CE](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

³ [CRU/19/094](#): Páipéar Cinnidh ar na Próisis um Cháilíochtaí Gairmiúla a Aithint le haghaidh iontráil sa Scéim Safe Electric agus sa Scéim Suiteálaithe Gáis Cláraithe.

An Painéal Saineolaithe

Is é feidhm an Phainéal athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar na hiarratasóirí ó thaobh na nithe seo de:

- Cáilíocht Ghairmiúil/Cáilíochtaí Gairmiúla
- Oideachas agus oiliúint a gnóthaíodh tar éis cáiliú
- Taithí oibre ghairmiúil.

Ní mór don Phainéal gach iarratas a scrúdú laistigh den tréimhse fhorordaithe agus de réir na gceanglas eile arna leagan amach sa Treoir.

Beidh ar iarratasóirí foirm iarratais a líonadh isteach ach sonraí ábhartha a thabhairt maidir lena gcáilíocht/gcáilíochtaí agus lena dtaithí ghairmiúil. Beidh sé mar ról ag an bPainéal Saineolaithe (“an Painéal”) athbhreithniú a dhéanamh ar na hiarratais agus a mheasúnú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh gur thaispeáin iarratasóirí go bhfuil an inniúlacht chuí acu le haghaidh clárú leis an scéim Suiteálaithe Gáis Cláraithe.

Cuirfidh an Painéal cáilíocht/cáilíochtaí an iarratasóra i gcomparáid le liosta d’ábhair bhunriachtanacha/de thorthaí foghlama na cáilíochta Éireannaí inghlactha/na gcáilíochtaí Éireannacha inghlactha lena mbaineann. Más ann d’aon difríochtaí suntasacha (easnaimh) idir cáilíocht(aí) an iarratasóra agus na hábhair bhunriachtanacha/na torthaí foghlama, measúnóidh an Painéal cé acu a chúitíonn taithí oibre ghairmiúil an iarratasóra na heasnaimh sin nó nach gcúitíonn.

Cinnfidh an Painéal ansin an gá bearta cúitimh a chur i bhfeidhm nó nach gá. Áirítear leo dul faoi thriail inniúlachta nó tréimhse oiriúnúcháin a chur i gcrích.

Sonraíocht faoin bPearsa

Bunriachtanach

- Taithí oibre ábhartha atá bainteach le tionscal iartheachtach gáis nádúrtha/gáis pheitriúil leachtaigh (LPG) na hÉireann
- Eolas/taithí ar cháilíochtaí gairmoiliúna Éireannacha – printíseachtaí go háirithe – sa pluiméireacht, sa chuisniú, san fheistiú gáis agus i gcúrsaí leictreachais
- Eolas oibre ar chaighdeán, ar chóid chleachtais agus ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta lena mbaineann sa tionscal gáis
- Tiomantas do rúndacht agus do shábháilteacht an phobail.

Inmhianaithe

- An-eolas oibre ar an scéim Suiteálaithe Gáis Cláraithe
- Eolas/taithí ar na cáilíochtaí gairmoiliúna agus na caighdeáin ghairmoiliúna atá i bhfeidhm i mBallstáit LEE agus/nó i dtríú tíortha, go háirithe iad sin a bhaineann le gás, le pluiméireacht agus le cuisniú
- Eolas/taithí ar cháilíochtaí gairmiúla nó acadúla a aithint
- Taithí roimhe ar chomhairle a thabhairt maidir le hearnálacha suiteála gáis, mar shampla mar shaineolaí ábhair

- Taithí ar obair de réir spriocdhátaí sonracha chun creataí mionsonraithe ardleibhéil a sholáthar
- Taithí roimhe ar obair san earnáil rialála agus/nó san earnáil phoiblí.

Téarma an Cheapacháin

Beidh ball den Phainéal i seilbh oifige ar feadh bliain amháin ó dháta an cheapacháin agus beidh sé/sí incháilithe lena (h)athcheapadh ar feadh tréimhse aon bhliana eile.

D'iarratas a chur isteach

Ba cheart iarratas (CV agus litir chumhdaigh) a chur isteach trí ríomhphost chuig crucareers@rsmireland.ie

Is é an 20 Bealtaine 2022 (faoi mheán oíche ar a dhéanaí) an spriocdháta le haghaidh iarratas a dhéanamh.

Iarrfar ar iarrthóirí gearrliostaithe freastal ar agallamh sa tseachtain dar tosach an 30 Bealtaine 2022.

Ní mór d'iarrthóirí incháilitheacht leantach a bheith acu le haghaidh obair go dleathach in Éirinn.

Leagtar amach i bhFógra Príobháideachta Earcaíochta CRU conas a chosnaímid cearta príobháideachta na ndaoine sin atá ag déanamh iarratas ar phoist le CRU. Is féidir é a aimsiú ar an leathanach Gairmeacha ar shuíomh Gréasáin CRU (<https://www.cru.ie/wp-content/uploads/2018/05/GDPR-Recruitment-Data-Privacy-Notice-May-2018.pdf>). De rogha air sin, is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig hrdepartment@cru.ie, a sheolfaidh an Fógra sin chugat go díreach.

Faisnéis atá ar Fáil don Phobal

1. [Doiciméad Critéar Maoirseachta um Shábháilteacht Gáis – Leagan 1.6](#)
2. [Treoir 2005/36/CE](#): Cáilíochtaí Gairmiúla a Aithint
3. [CRU/18/230](#): Páipéar Comhairliúcháin ar an bPróiseas Beartaithe um Cháilíochtaí Gairmiúla a Aithint le haghaidh iontráil sa Scéim Safe Electric agus sa Scéim Suiteálaithe Gáis Cláraithe
4. [CRU/19/094](#): Páipéar Cinnidh ar na Próisis um Cháilíochtaí Gairmiúla a Aithint le haghaidh iontráil sa Scéim Safe Electric agus sa Scéim Suiteálaithe Gáis Cláraithe.